Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14456/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0381(NLE)**

**ECOFIN 1068**
**FIN 1071**
**UEM 330**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 671 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 7772/2022; ST 7772/2022 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 671 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 671 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
COM(2023) 671 final

2023/0381 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 7772/2022; ST 7772/2022 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a fhormheas**

{SWD(2023) 342 final}

2023/0381 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 7772/2022; ST 7772/2022 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSualainnan plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 24 Lúnasa 2023, chuir an tSualainn plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann beart amháin leis na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSualainn isteach.

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Sualainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go sonrach, mhol an Chomhairle go rachadh an tSualainn ar aghaidh lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go seasta agus le caibidil REPowerEU a thabhairt chun críche go tapa, go háirithe trína spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 7772 2022; ST 7772 2022 ADD 1.

fuinnimh, lena n-áirítear trí líonraí tarchurtha fuinnimh a mhéadú agus a uasghrádú, nósanna imeachta ceada a chuíchóiriú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus feabhas a chur ar sholáthar agus shealbhú na scileanna is gá don aistriú glas agus don iompar. Áirítear leis na moltaí freisin feabhas a chur ar thorthaí oideachais daltaí as cúlraí socheacnamaíocha agus imirceach faoi mhíbhuntáiste agus scileanna grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt. Mhol an Chomhairle freisin go gcoinneodh an tSualainn staid fhioscach fhónta ar bun in 2024, go gcaomhnódh sí infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta agus go laghdódh sí na rioscaí a bhaineann le fiachas ard teaghlaigh agus le míchothromaíochtaí sa mhargadh tithíochta.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i ndiaidh, nuair ba ábhartha, próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

*Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241*

(7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an tSualainn isteach nuashonraítear beart amháin chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. 184I ndiaidh an nuashonraithe, rinneadh ranníocaíocht uasta airgeadais na Sualainne a laghdú ó EUR 3 288 516 389 [3] go EUR 3 181 236 549[4].

(8) Dá bhrí sin, laghdaíodh an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le hinfheistíocht amháin chun an teacht leis an leithdháileadh laghdaithe. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an tSualainn isteach athraítear beart amháin faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas) chun teacht leis an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe. Go sonrach, baintear sprioc 11 agus garsprioc 12 d’infheistíocht 4 (Tacaíocht iarnróid neartaithe) faoi chomhpháirt 1 chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an bplean bunaidh chun an leithdháileadh laghdaithe a chur san áireamh. Ba cheart an Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(9) Sainaithníodh 22 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le 11 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSualainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le hinfheistíocht 1 (Infheistíochtaí áitiúla agus réigiúnacha aeráide – Léim na hAeráide), infheistíocht 2 (Infheistíochtaí aeráide san earnáil thionsclaíoch – An Léim Tionscail), infheistíocht 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-chónaithe), infheistíocht 5 (Dúlra luachmhar a chosaint) agus athchóiriú 3 (Rátaí sochair inchánach coigeartaithe do ghluaisteáin chuideachta)

---

[3] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Sualainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[4] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Sualainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas); infheistíocht 3 (Acmhainní chun freastal ar éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile) agus athchóiriú 2 (Gníomh um chosaint fostaíochta agus deiseanna aistrithe níos mó) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú); infheistíocht 1 (Tionscnamh um chúram do dhaoine scothaosta), athchóiriú 1 (Teideal gairmiúil cúntóirí altranais a rialáil) agus athchóiriú 5 (Cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú) faoi chomhpháirt 3 (Coinníollacha níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha), agus infheistíocht 1 (Cúnamh infheistíochta do thithíocht ar cíos agus do thithíocht mac léinn) faoi chomhpháirt 5 (Infheistíochta le haghaidh fáis agus tithíochta). Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241***

(10) Áirítear le caibidil REPowerEU athchóiriú nua amháin agus dhá infheistíocht mhéadaithe. Is é is aidhm don athchóiriú dlús a chur leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil, i bhfianaise líonraí inmheánacha leictreachais a neartú laistigh den tSualainn agus aghaidh a thabhairt ar bhaic náisiúnta agus thrasteorann i dtarchur agus i ndáileadh leictreachais. Go sonrach, simplítear leis an athchóiriú nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le bonneagar gréasáin leictreachais a thógáil a shimpliú trí fhorálacha ábhartha Chód Comhshaoil agus Ghníomh Leictreachais na Sualainne a leasú. Imríonn na bearta méadaithe tionchar ar bheart amháin faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas) agus ar bheart amháin faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht le haghaidh fáis agus tithíochta). Leis an dá bheart, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhian na mbeart atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh cheana, go háirithe maidir le líon na méadar cearnach a bheidh le hathchóiriú i bhfoirgnimh il-áitribh agus líon na n-áitreabh nua a bheidh tíosach ar fhuinneamh, atá le críochnú le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht mac léinn. Meastar freisin go gcuirfidh éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe na tithíochta le cuspóir phointe (c) d'Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241 lena dtéitear i ngleic le bochtaineacht fuinnimh ós rud é go mbíonn laghdú ar ídiú fuinnimh foirgneamh mar thoradh ar fheidhmíocht fuinnimh níos airde, lena n-áirítear an t-ídiú fuinnimh a n-íocann tionóntaí as.

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(13) Fuarthas sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, go meastar go mbeidh an plean téarnaimh agus athléimneachta den chuid is mó (Rátáil A) ina fhreagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go

hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair na Sualainne agus an leithdháileadh airgeadais don tSualainn á gcur san áireamh.

(14) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh bearta a chuireann le gach ceann de na sé cholún, agus tugtar aghaidh le roinnt comhpháirteanna ar cholúin éagsúla ag an am céanna. Meastar go gcuirfear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn le bearta lena ndícharbónófar an earnáil tionscail agus an earnáil iompair, lena dtacófar le tionscadail aeráide áitiúla agus réigiúnacha agus lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, agus le bearta arb é is aidhm dóibh nascacht ardluais a fheabhsú tuilleadh, scileanna digiteacha a chothú trí oideachas agus oiliúint, agus ríomhsheirbhísí rialtais agus riarachán poiblí digiteach faoi seach a fheabhsú. An tacaíocht le forbairt agus le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua sa réimse glas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, meastar go gcuideoidh an tacaíocht sin le geilleagar na Sualainne fás ar bhealach cliste agus inbhuanaithe ach meastar go gcuideoidh an tacaíocht le hathsciliú agus le huas-sciliú le fás cuimsitheach do chách. Maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach, meastar go gcuideoidh an tacaíocht le leathanbhanda a thabhairt isteach i limistéir atá tearc i ndaonra sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh lena áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar nascacht ardluais agus, ar an gcaoi sin, go gcothófar comhtháthú críochach, agus meastar go gcothófar comhtháthú sóisialta trí bhearta a dhírítear ar oideachas agus ar oiliúint agus trí bhearta chun an soláthar tithíochta a mhéadú. Meastar freisin go bhfeabhsófar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh athléimneacht chóras cúraim sláinte na Sualainne trí bhearta spriocdhírithe chun soláthar foirne atá oilte go cuí a mhéadú, agus meastar go bhfeabhsófar athléimneacht chóras airgeadais na Sualainne trí éifeachtacht an Údaráis Maoirseachta Airgeadais a threisiú.

(15) Deimhnítear an chéad mheasúnú dearfach ar chion an phlean leis na sé cholún, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, leis na bearta a chuir an tSualainn chun cinn mar chuid den mhodhnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Leis an athchóiriú a tugadh isteach le déanaí le dlús a chur leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil, meastar go gcuirfear le rolladh amach níos tapúla foinsí in-athnuaite fuinnimh, ach meastar go ndéanfar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh nua agus foirgneamh atá ann cheana a fheabhsú tuilleadh leis na hinfheistíochtaí méadaithe.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an tSualainn, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(17) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an leithdháileadh uasta

airgeadais don tSualainn a choigeartú síos, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(18) I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha tráth a cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe isteach, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn éigin déanta maidir leis an moladh cothrománach chun infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh (CSR 2022.1) Tá dul chun cinn éigin déanta freisin maidir leis na moltaí chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite agus borradh a chur faoi infheistíocht chomhlántach i mbonneagar líonra agus maidir le heangacha inmheánacha a neartú laistigh den tír chun acmhainn leordhóthanach líonra a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus maidir le nósanna imeachta ceada a chuíchóiriú tuilleadh i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite (CSR 2022.4 agus CSR 2023.4).

(19) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an tSualainn i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe an moladh maidir leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite agus trí infheistíocht chomhlántach i mbonneagar líonra a threisiú, eangacha a neartú chun acmhainn leordhóthanach líonra a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus nósanna imeachta ceada a chuíchóiriú tuilleadh i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite (CBS 2022.4 agus 2023.4). Leis na hinfheistíochtaí atá á méadú agus leis an athchóiriú a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU, tugtar aghaidh ar na dúshláin sin trí éifeachtúlacht fuinnimh a ardú, bochtaineacht fuinnimh a laghdú (CSR 2023.1) agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a chothú (CSR 2022.1). Leis an gcéad infheistíocht mhéadaithe laghdaítear costas na n-infheistíochtaí lena n-ardaítear an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh, ag trácht go sonrach ar na hinfheistíochtaí sin nach ndéanfaí murach sin. Baineann an dara hinfheistíocht mhéadaithe le hinfheistíocht i dtithíocht ar cíos agus i dtithíocht mac léinn lena maolaítear an ganntanas sa mhargadh tithíochta d'árasáin ar cíos, lena n-áirítear do theaghlaigh íseal-ioncaim ag a bhfuil árasáin atá níos tíosaí ar fhuinneamh ná an caighdeán is déanaí d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh (CSR 2023.1). Meastar go n-ardófar leis an athchóiriú, arb é is aidhm dó dlús a chur leis an bpróiseas údaraithe chun acmhainneacht eangaí a leathnú, slándáil an tsoláthair fuinnimh agus go gcuideoidh sé le hacmhainneacht leordhóthanach líonra a áirithiú (CSR 2022.4 agus 2023.4).

(20) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go méid teoranta freisin leis na míchothromaíochtaí sa tSualainn a cheartú, arna sainiú sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019 agus 2020, go háirithe maidir leis an margadh tithíochta agus maidir le fiachas ard teaghlaigh, a athdhearbhaíodh i bhfochuid struchtúrach fhioscach an mholta tírshonraigh le déanaí (CSR 2023.1), ós rud é go dtabharfar aghaidh i bpáirt ar na riachtanais tithíochta le méadú an fhóirdheontais infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht mac léinn.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Sualainne a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(22) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ard ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Sualainne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas (Rátáil A).

(23) Cuimsíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh pacáiste d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe san oideachas, sa digitiú agus sa chúram sláinte d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sna réimsí sin, rud a chuireann ar roinnt bealaí le comhdheiseanna agus le rochtain níos fearr ar mhargadh an tsaothair, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Leis an méadú ar an tairiscint gairmoideachais chomh maith le níos mó áiteanna san oideachas ar fud na Sualainne, meastar go gcuirfear borradh faoin bhfostaíocht agus faoi tháirgiúlacht, agus comhtháthú sóisialta á chothú. Ina theannta sin, meastar go mbeidh tionchar dearfach ag soláthar agus cáilíocht mhéadaithe na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar shaol daoine scothaosta, agus leis na bearta tacaíochta speisialta a dhírítear ar mhic léinn agus ar theaghlaigh ar ioncam íseal ba cheart go gcuirfí feabhas ar sheasamh na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh tithíochta. Leis na bearta arb é is aidhm dóibh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú, meastar go ndéanfar geilleagar na Sualainne níos nuálaí agus níos inbhuanaithe.

(24) Ní bheidh tionchar ag modhnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar a uaillmhian i dtéarmaí an méid a chuirtear leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach agus ní bheidh tionchar aige ar an measúnú tosaigh.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an caibidil REPowerEU nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán

(AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(26) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go meastar go n-áiritheofar leis an bplean nach ndéanfar dochar suntasach d'aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(27) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C58/01), lena n-áirítear maidir leis na bearta a áirítear sa chaibidil nua REPowerEU.

(28) Maidir leis an athchóiriú lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil, rinne an tSualainn measúnú córasach i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Tá an measúnú ar an dá bheart méadaithe a bhí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh cheana fós mar an gcéanna. Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an tSualainn, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean modhnaithe nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart atá ann do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in- athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(30) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c (3), pointí (b), (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Le cur chun feidhme na n-infheistíochtaí méadaithe in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh agus le cabhair infheistíochta do thithíocht ar cíos agus do thithíocht mac léinn, meastar go gcuirfear leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c (3), i bpointe (b) den Rialachán sin, is é sin, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus faoin mbonneagar criticiúil fuinnimh. Leis na hinfheistíochtaí méadaithe, meastar go gcuirfear le dreasachtaí a chruthú chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú, an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c (3), pointe (d), is é sin, laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a ghríosú trí dhreasachtaí a chruthú d'úinéirí foirgníochta chun infheistíocht a dhéanamh i gcoigilteas fuinnimh. Le héifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe na tithíochta, meastar go gcuirfear le cuspóir a leagtar amach in Airteagal

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

21c (3), pointe (c), lena dtéitear i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ar choinníoll go mbeidh laghdú ar ídiú fuinnimh foirgneamh mar thoradh ar fheidhmíocht fuinnimh níos airde, lena n-áirítear an t-ídiú fuinnimh a úsáideann na tionóntaí féin agus a n-íocann na tionóntaí féin as. Ar deireadh, meastar go gcuirfidh cur chun feidhme an athchóirithe le dlús a chur leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil le haghaidh a thabhairt ar bhaic ar tharchur agus ar dháileadh fuinnimh intíre agus trasteorann, tacú le stóráil agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, is é sin, an cuspóir in Airteagal 21c (3), pointe (e).

(31) Tá na bearta i gcaibidil REPowerEU ar aon dul leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc go méadaítear leo uaillmhian bhunaidh an phlean téarnaimh agus athléimneachta i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus leictriú an gheilleagair, amhail an Léim Aeráide agus an Léim Tionscail. Tá na bearta i gcaibidil REPowerEU ar aon dul freisin le hiarrachtaí na Sualainne lasmuigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach, amhail cabhair nua a thabhairt isteach le haghaidh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i dtithe aonteaghlaigh, tacaíocht mhéadaithe infheistíochta chun an acmhainn luchtaithe d'fheithiclí bóthair a threisiú chomh maith le sannacháin rialtais le haghaidh táirgeadh méadaithe leictreachais amach ón gcósta.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(33) Cuireann caibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Is é is aidhm don athchóiriú lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil líonraí inmheánacha leictreachais a neartú laistigh den tSualainn agus aghaidh a thabhairt ar bhaic náisiúnta agus thrasteorann ar tharchur leictreachais. Cuireann na hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh méadaithe go díreach leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus le hacmhainneacht nó soláthar breise a chur ar fáil do Bhallstáit eile agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil éifeacht dhearfach trasteorann ag baint leo.

(34) Is ionann costais mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu agus 100 % de na costais iomlána agus, dá bhrí sin, tugtar údar leo le rátáil na caibidle a bhfuiltear ag súil, den chuid is mó, go mbeidh éifeacht trasteorann ag baint léi.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht***

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, agus leithdháileadh nuashonraithe an phlean téarnaimh agus athléimneachta á chur san áireamh, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 43.6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 40 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in

Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(36) Fuarthas sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, go bhfuil bearta sa phlean a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide suim arb ionann í agus 44.4 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(37) Níl tionchar ag na bearta a laghdaítear ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas, agus cuireann caibidil REPowerEU go mór le tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'aistriú glas na Sualainne. Áirítear i gcaibidil REPowerEU bearta a mheastar go mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar aistriú glas an gheilleagair agus go gcuirfidh siad go mór le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an aistriú glas. Leis an athchóiriú lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas údaraithe chun eangacha leictreachais thógáil, meastar go gcuideofar leis an tSualainn a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí leictriú níos tapúla ar an ngeilleagar a éascú. Is é is aidhm don dá infheistíocht mhéadaithe tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh il-áitribh agus i dtithíocht ar cíos agus i dtithíocht, rud a chuireann coigilteas buan fuinnimh chun cinn.

(38) Na bearta a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus i gcaibidil REPowerEU, tá tionchar marthanach a imirt acu fós toisc go ndírítear na bearta ar athruithe struchtúracha chun spleáchas na Sualainne ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun coigilteas fuinnimh a mhéadú trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, tuilleadh leictrithe a chur chun cinn agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Mar thoradh air sin, cuireann siad freisin le spriocanna 2030-2050 agus le cuspóir an Aontais aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, agus leithdháileadh nuashonraithe an phlean téarnaimh agus athléimneachta á chur san áireamh, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuireann go mór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 21.2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(40) Fuarthas sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, go bhfuil bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chuireann (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é 20.5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta,

arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(41) Ní bheidh tionchar ag modhnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar a uaillmhian i ndáil leis an aistriú digiteach agus ní bheidh tionchar aige ar an measúnú tosaigh. Tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe fós ag rannchuidiú go mór le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin na Sualainne a bhaineann leis an aistriú digiteach trí fheabhas a chur ar an nascacht dhigiteach ardluais i limistéir atá tearc i ndaonra, trí riarachán poiblí a dhigitiú agus trí dhul i ngleic leis an nganntanas oibrithe oilte in earnálacha na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).

(42) Meastar go gcuirfidh caibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin toisc go bhfuiltear ag súil go spreagfar úsáid córas fuinnimh cliste leis an tacaíocht infheistíochta méadaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an rialachán sin a chur i bhfeidhm.

*Tionchar buan*

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an tSualainn.

(44) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuiltear ag súil go mbeadh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an tSualainn.

(45) I gcaibidil REPowerEU tá dhá bheart a méadaíodh ón bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, rud a mhéadaíonn a n-uaillmhian. An tacaíocht mhéadaithe d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh agus do thithíocht mac léinn agus do thithíocht ar cíos, meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú, mar gheall ar shaolré foirgneamh nua agus athchóirithe. Meastar go mbeidh tionchar láithreach agus buan ag an athchóiriú lena ghiorraítear an próiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil ar leictriú breise gheilleagar na Sualainne, rud a chuirfidh le fáil réidh le baic ar tharchuir agus ar dháileacháin intíre agus trasteorann.

*Faireachán agus cur chun feidhme*

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(47) Fuarthas sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 go bhfuil na socruithe a beartaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leordhóthanach (Rátáil A) chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na

garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara. Tá Aireacht Airgeadais na Sualainne freagrach as cur chun feidhme foriomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, agus tá Údarás Airgeadais Náisiúnta na Sualainne (ESV) freagrach as faireachán a dhéanamh ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna. Tá na garspriocanna agus na spriocanna soiléir agus réalaíoch go leor lena áirithiú gur féidir a dtabhairt i gcrích a rianú agus a fhíorú, agus tá siad bunaithe ar tháscairí ábhartha, inghlactha agus láidre. Meastar go mbeidh na sásraí fíorúcháin, an bailiú sonraí agus na freagrachtaí ar a dtugann údaráis na Sualainne tuairisc láidir go leor chun údar leordhóthanach a thabhairt leis na hiarrataí ar eisíocaíochtaí.

(48) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne ar an measúnú bunaidh ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean. Treiseofar leis an struchtúr a bhfuil sé de chúram air an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh air agus tá na socruithe foriomlána atá molta ag an tSualainn maidir le heagrú chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí inchreidte i gcónaí. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta nua i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

***Costáil***

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha réasúnta agus measartha sochreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(50) Ba é measúnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh go raibh costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta measartha (Rátáil B) réasúnta agus measartha sochreidte, go bhfuil sé ag teacht le prionsabal na héifeachtúlachta costais agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(51) Tá meastacháin costais aonair curtha ar fáil ag an tSualainn do gach beart nua lena mbaineann costas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Choinnigh an tSualainn na boinn tuisceana costála is bun leis an dá infheistíocht ón bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh atá méadaithe i gcaibidil REPowerEU. Mar thoradh air sin, tá feidhm fós ag an measúnú costála bunaidh agus táthar á mheasúnú i gcónaí go bhfuil costais an dá infheistíocht méadaithe réasúnta agus sochreidte.

(52) Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an tSualainn nach gcumhdaítear méid na gcostas measta iomlán le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(53) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith

(Rátáil A) iad chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(54) Fuarthas sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaithe, gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, go bhfuil na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo leormhaith (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa, a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(55) Tá an córas rialaithe inmheánaigh a thuairiscítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre. Sainaithnítear go soiléir ann na gníomhaithe agus a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Tá cumhacht dhlíthiúil ag na gníomhaithe atá freagrach as rialuithe na róil agus na cúraimí atá beartaithe dóibh a fheidhmiú, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin. Ar an iomlán, measadh go raibh an córas rialaithe agus socruithe ábhartha eile, lena n-áirítear maidir le bailiú agus cur ar fáil sonraí maidir le faighteoirí deiridh, leordhóthanach i dtaca leis na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2021/241. Chun an córas rialaithe inmheánaigh a neartú, bunaíodh garspriocanna lena gceanglaítear go dtiocfaidh leasuithe reachtacha i bhfeidhm lena mbunaítear na sainorduithe dlíthiúla do na comhlachtaí a bhfuil baint acu le comhordú, faireachán, rialú agus iniúchadh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, lena leagtar amach go háirithe na sainorduithe do na heintitis rialtais uile a bhfuil baint acu le gnéithe oibríochtúla chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ainmniú an údaráis iniúchóireachta agus an chomhlachta atá freagrach as straitéis iniúchóireachta a fhorbairt maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(56) Mar chuid de mhodhnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tugtar isteach soiléirithe breise maidir le hiniúchóireacht agus rialú mar chuid de na garspriocanna lena mbaineann chun a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis ábhartha nósanna imeachta

---

6 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

7 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

leordhóthanacha i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas: (i) coinbhleacht leasa, (ii) cistiú dúbailte, (iii) calaois agus éilliú a bhrath agus (iv) sonraí a bhailiú.

*Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

(57) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(58) Fuarthas sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, go gcuimsítear go mór sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí arb é atá iontu gníomhaíochtaí comhleanúnacha (Rátáil A). Cuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh athchóirithe agus infheistíochtaí i ngach comhpháirt atá comhsheasmhach agus a threisíonn a chéile, agus sineirgí agus comhlántachtaí idir comhpháirteanna.

(59) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe le comhleanúnachas foriomlán an phlean trí idirnaisc láidre idir na bearta a áirítear i gcaibidil nua REPowerEU agus na bearta a áirítear sa chomhpháirt ghlas. Leis an athchóiriú lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil, treisítear na hinfheistíochtaí sa phlean cheana lena ndírítear ar leictriú na n-earnálacha tionscail agus iompair a mhéadú tuilleadh. Le méadú na tacaíochta infheistíochta d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh agus i dtithíocht ar cíos agus i dtithíocht mac léinn, neartaítear naisc atá ann cheana idir na bearta sin agus bearta eile lena dtacaítear leis an aistriú digiteach agus lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú sóisialta.

*An próiseas comhairliúcháin*

(60) Cuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun é a ullmhú agus a chur chun feidhme. Agus an plean modhnaithe á ullmhú, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne an tSualainn comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí gnó agus údaráis áitiúla. Bhí fiosrúchán rialtais roimh an athchóiriú lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil, agus féachadh ar an bhfiosrúchán sin. Féachadh cheana ar na hinfheistíochtaí méadaithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh il-áitribh agus i dtithíocht mac léinn agus i dtithíocht ar cíos leis na páirtithe leasmhara ábhartha le linn ullmhú an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(61) I gcás inarb infheidhme, meastar go mbeidh na páirtithe leasmhara lena mbaineann le bainteach le cur chun feidhme na mbeart faoi seach i gcónaí, lena áirithiú go mbeidh teagmháil leanúnach ag na húdaráis le saoránaigh, cuideachtaí, bardais agus réigiúin. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n- áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU.

*Measúnú dearfach*

(62) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta lena n- áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

***Rannchuidiú airgeadais***

(63) Is é costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU na Sualainne EUR 3 501 632 593, arb ionann é agus SEK 35 454 030 000 ar bhonn ráta tagartha EUR SEK BCE an 28 Bealtaine 2021. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don tSualainn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Sualainne lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Sualainne lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 3 181 236 549 atá sa mhéid sin.

(64) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 24 Lúnasa 2023 chuir an tSualainn iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 264 429 659 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don tSualainn, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don tSualainn cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 198,429,659 atá sa mhéid sin.

(65) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4ú de Rialachán (AE) 2021/1755[8], an 28 Feabhra 2023 chuir an tSualainn iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, suim dar luach EUR 66 000 000 ar an iomlán. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(66) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 3 445 666 208 a bheith ar fáil don tSualainn .

(67) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 7772 2022 agus ST 7772 2022 ADD 1 an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualainn a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ST 7772 2022, ST 7772 2022 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Sualainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don tSualainn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha ar luach EUR 3,445,966,208.[9] Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh suim EUR 2 910 807 980 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 270 428 569 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 198 429 659[10], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);

(d) suim EUR 66 000 000, arna haistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don tSualainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.'

(3) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

[9] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Sualainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[10] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Sualainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*